



Uimhir 12 de 1995

**An tAcht um an Dlí Coiriúil (Imeachtaí Ciorraithe
Coil), 1995**

[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 12 de 1995

**AN tACHT UM AN DLÍ COIRIÚIL (IMEACHTAÍ
CIORRAITHE COIL), 1995**

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

- 1 “Acht 1908”.
 - 2 An pobal a eisiamh ó éisteachtaí imeachtaí faoi Acht 1908.
 - 3 Anaithnideacht duine a chúisítear i gcion faoi Acht 1908 agus duine lena mbaineann an cion.
 - 4 Forálacha i ndáil le cionta faoi alt 3.
 - 5 Leasú ar alt 1 d’Acht 1908.
 - 6 Alt 5 d’Acht 1908 a aisghairm.
 - 7 Gearrtheideal.
-

[Uimh. **12.**] *An tAcht um an Dlí Coiriúil (Imeachtaí [1995.] Ciorraithe Coil), 1995.*

NA HACHTANNA DÁ DTAGRÁITEAR

An tAcht um Cheartas Coiriúil, 1993
Punishment of Incest Act, 1908

1993, Uimh. 6
1908, c. 45



Uimhir 12 de 1995

**AN tACHT UM AN DLÍ COIRIÚIL (IMEACHTAÍ
CIORRAITHE COIL), 1995**

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO LEASÚ AN *PUNISHMENT OF INCEST ACT*, 1908,
AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE
GAOLMHARA.

[5 Iúil 1995]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—San Acht seo, ciallaíonn “Acht 1908” an *Punishment of Incest Act*, 1908.

2.—(1) In aon imeachtaí mar gheall ar chion faoi Acht 1908, déanfaidh an breitheamh nó an chúirt, de réir mar a bheidh, gach duine a eisiamh ón gcúirt le linn na héisteachta ach amháin oifigigh don chúirt, daoine a bhfuil baint dhíreach acu leis na himeachtaí, ionadaithe *bona fide* ón bpreas agus cibé daoine eile (más ann) a dtabharfaidh an breitheamh nó an chúirt, de réir mar a bheidh, cead dóibh, dá rogha féin, fanacht i láthair.

An pobal a eisiamh ó éisteachtaí imeachtaí faoi Acht 1908.

(2) In aon imeachtaí lena mbaineann *fo-alt (1)* den alt seo, déanfar an fíorasc nó an bhreith agus an phianbhreith (más ann) a fhógairt go poiblí.

3.—(1) Tar éis duine a chúiseamh i gcion faoi Acht 1908, maidir le haon ábhar ar dóigh dó a chur ar chumas daoine den phobal an duine sin a shainaithint mar an duine a cúisíodh nó aon duine eile a shainaithint mar dhuine a líomhnaítear gur i ndáil leis nó léi a rinneadh an cion, ní fhoilseofar é i bhfoilseachán scríofa a bhíonn ar fáil don phobal ná ní chraolfar é.

Anaithnideacht duine a chúisítear i gcion faoi Acht 1908 agus duine lena mbaineann an cion.

(2) Má dhéantar aon ábhar a fhoilsiú nó a chraoladh de shárú ar *fo-alt (1)* den alt seo, beidh na daoine seo a leanas ciontach i gcion, eadhon:

- (a) i gcás ábhair a fhoilseofar i nuachtán nó i bhfoilseachán tréimhsiúil, dílseánach, eagarthóir agus foilsitheoir an nuachtáin nó an fhoilseacháin sin,
- (b) i gcás ábhair a fhoilseofar in aon fhoilseachán scríofa eile, foilsitheoir an fhoilseacháin sin, agus

- (c) i gcás ábhair a chraolfar, aon duine a tharchuirfidh nó a sholáthróidh an clár ina ndéanfar an craoladh agus aon duine a chomhlíonfaidh feidhmeanna i ndáil leis an gclár atá ar aon dul leis na feidhmeanna atá ag eagarthóir nuachtáin.

(3) Ní fhorléireofar aon ní san alt seo mar ní—

- (a) lena gcuirtear toirmeasc le hábhar a fhoilsiú nó a chraoladh nach bhfuil ann ach tuarascáil ar imeachtaí dlí seachas imeachtaí ag triail duine mar gheall ar chion faoi Acht 1908, nó imeachtaí a mbeartaítear go dtiocfaidh triail den sórt sin astu, nó achomharc a eascraíonn as triail den sórt sin, ná
- (b) lena ndéantar difear d’aon toirmeasc nó srian a fhorchuirtear de bhua aon achtacháin eile le haon ábhar a fhoilsiú nó a chraoladh.

(4) San alt seo—

ciallaíonn “craoladh” fuaim nó amharc-íomhánna atá ceaptha lena nglacadh go ginearálta a chraoladh trí raidió-theileagrafaíocht, agus forléireofar focail ghaolmhara dá réir sin;

folaíonn “foilseachán scríofa” scannán, nó taifeadadh (cibé acu is taifeadadh fuaime nó taifeadadh íomhánna nó iad araon é) i mbuanfhoirm ach ní fholaíonn sé díotáil ná doiciméad eile a ullmhaítear lena úsáid in imeachtaí áirithe dlí.

Forálacha i ndáil le cionta faoi *alt 3*.

4.—(1) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi *alt 3* den Acht seo, dlífear—

- (a) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná £10,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (b) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná £1,500 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(2) (a) I gcás cion faoi *alt 3* den Acht seo a bheith déanta ag comhlacht corpraithe agus go gcruthófar go ndearnadh é le toiliú nó le cúlcheadú, nó gurb inchurtha é i leith aon fhaillí ar thaobh, aon duine is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe nó duine a d’airbheartaigh gníomhú in aon cháil den sórt sin, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus dlífear imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

(b) I gcás gur comhaltaí comhlachta chorpraithe a bhainistíonn gnóthaí an chomhlachta chorpraithe sin, beidh feidhm ag *mír (a)* den fho-alt seo i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.

(3) Is cosaint é do dhuine a chúiseofar i gcion faoi *alt 3* den Acht seo a chruthú nárbh eol don duine, nó nach raibh amhras air nó uirthi ná cúis aige nó aici a bheith in amhras, tráth an chiona líomhnaithe, gurbh ábhar a shonraítear san *alt sin 3* é an t-ábhar a líomhnaítear gur foilsíodh nó gur craoladh é.

5.—Leasaítear leis seo alt 1 d’Acht 1908—

Leasú ar alt 1 d’Acht 1908.

(a) i bhfo-alt (1), trí “*life*” a chur in ionad “*a term not exceeding 20 years*” (a cuireadh isteach leis an Acht um Cheartas Coiriúil, 1993) agus “*felony*” a chur in ionad “*misdemeanour*”, agus

(b) trí fho-alt (3) a scriosadh.

6.—Aisghairtear leis seo alt 5 d’Acht 1908.

Alt 5 d’Acht 1908 a aisghairm.

7.—Féadfar an tAcht um an Dlí Coiriúil (Imeachtaí Ciorraithe Coil), 1995 a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€1.27

ISBN 978-1-4468-6108-0

